AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.4.2024
COM(2024) 151 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN**

**Tuarascáil 2023 ón gCoimisiún Eorpach ar Astaíochtaí $CO_2$ ó Mhuiriompar**

{SWD(2024) 87 final}

GA GA

**Tuarascáil 2023 ón gCoimisiún Eorpach ar Astaíochtaí $CO_2$ ó Mhuiriompar**

## 1. Réamhrá

Tá ról ríthábhachtach ag muiriompar i ngeilleagar an Aontais agus tá sé ar cheann de na modhanna iompair is tíosaí ar fhuinneamh. Mar sin féin, is foinse mhór astaíochtaí gás ceaptha teasa freisin é atá ag dul i méid. Is í seo an cúigiú tuarascáil bhliantúil ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ($CO_2$) ó longa a thagann isteach go calafoirt sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus a fhágann iad, a bailíodh faoi Rialachán an Aontais maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar a glacadh in 2015 [1] (Rialachán an Aontais maidir le MRV Muirí). Is cuid riachtanach é an Rialachán de ghníomhaíocht an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide in earnáil an mhuiriompair.

Cumhdaítear sa tuarascáil seo na chéad chúig thimthriall comhlíontachta (i.e. sonraí a bailíodh le haghaidh 2018-2022) agus tá sí ina forbairt ar na tuarascálacha roimhe seo[2]. Fágann sí gur féidir comparáid a dhéanamh idir sonraí, mar aon le scrúdú a dhéanamh ar threochtaí in astaíochtaí agus in éifeachtúlacht fuinnimh thar na blianta. Déantar anailís leis an tuarascáil seo freisin ar shaintréithe agus ar éifeachtúlacht fuinnimh long, rud a chuidíonn le tuiscint níos fearr a fháil ar threochtaí in astaíochtaí $CO_2$ ó mhuiriompar.

## 2. Forbairt beartas

Mar chuid den phacáiste chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle sraith beart in 2023 chun a áirithiú go rannchuideoidh an earnáil muiriompair le huaillmhianta aeráide an Aontais a bhaint amach:

- leis an athbhreithniú ar **Chóras an Aontais i ndáil le Trádáil Astaíochtaí** (CTA), [3] leathnaíodh raon feidhme CTA an Aontais chun astaíochtaí $CO_2$ ó longa móra a thagann isteach i gcalafoirt an Aontais a chumhdach amhail ón 1 Eanáir 2024, gan beann ar an mbratach atá ar foluain acu;
- áiritheofar le **Rialachán FuelEU Maritime** [4] go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long le himeacht ama, agus

[1] Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE, IO L 123, 19.5.2015, lch. 55.

[2] Teachtaireacht C(2020) 3184 final, Tuarascáil Bhliantúil 2019 ón gCoimisiún Eorpach ar Astaíochtaí $CO_2$ ó Mhuiriompar, https://climate.ec.europa.eu/document/download/676175fd-f8db-40fb-b37a-cc7323c680a2_en?filename=c_2020_3184_en.pdf, Teachtaireacht C(2021) 6022 final, Tuarascáil Bhliantúil 2020 ón gCoimisiún Eorpach ar Astaíochtaí $CO_2$ ó Mhuiriompar, 8cd736dc-d508-408c-8cf7-9317048d1ff0_en (europa.eu), Teachtaireacht C(2022) 5759 final, an Tríú Tuarascáil Bhliantúil ón gCoimisiún Eorpach ar Astaíochtaí $CO_2$ ó Mhuiriompar (tréimhse 2018-2020), https://climate.ec.europa.eu/document/download/06c406a8-df93-4e38-b7ca-9a6929d5bddb_en?filename=c_2022_5759__en.pdf, agus Teachtaireacht C(2023) 1585 final, an Ceathrú Tuarascáil Bhliantúil ón gCoimisiún Eorpach ar Astaíochtaí $CO_2$ ó Mhuiriompar (tréimhse 2018-2021), 01688bd2-e5a5-48cd-97b7-415fb99666fa_en (europa.eu),

[3] Trí Threoir (AE) 2023/959, IO L 130, 16.5.2023, lch. 134, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.L_.2023.234.01.0048.01.GLE&toc=OJ%3AL%3A2023%3A234%3ATOC.

[4] Rialachán (AE) 2023/1805, IO L 234, 22.9.2023, lch. 48, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.L_.2023.234.01.0048.01.GLE&toc=OJ%3AL%3A2023%3A234%3ATOC.

go gcuirfear d'oibleagáid ar longa paisinéirí agus ar longa coimeádán soláthar cumhachta ar tír a úsáid agus iad ar múráil cois cé i gcalafoirt mhóra an Aontais ó 2030 ar aghaidh;

- leis an **Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha** [5] ceanglaítear ar chalafoirt mhuirí a dtagann líon íosta soithí móra paisinéirí nó soithí coimeádán isteach iontu leictreachas cois cladaigh a sholáthar do na soithí sin faoi 2030;
- leis an athbhreithniú ar an **Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite,** [6] tugadh isteach spriocanna earnáilsonracha níos uaillmhianaí san iompar, lena n-áirítear fospriocanna le haghaidh bithbhreoslaí ardfhorbartha agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch le haghaidh na hearnála [7].

Leis an gclár **Fís Eorpach [8]** tacaítear le cur chun feidhme rathúil chuspóirí beartais na mbeart thuasluaite trí thaighde agus trí nuálaíocht. Sa chomhthéacs sin, socraíodh an chomhpháirtíocht Uisce-Iompair Astaíochtaí Nialasacha [9], ag a bhfuil buiséad EUR 3.8 billiún, chun réitigh astaíochtaí nialasacha a léiriú le haghaidh gach príomhchineál agus príomhsheirbhís loinge roimh 2030.

Le comhlíonadh na n-oibleagáidí nua a eascraíonn as CTA an Aontais a leathnú chuig muiriompar agus chuig Rialachán FuelEU Maritime, cuirfear leis an gcóras faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe a bunaíodh le **Rialachán MRV an Aontais**, a ndearnadh athbhreithniú air i mí na Bealtaine 2023 [10]. Leis an athbhreithniú, leasaítear na rialacha, a mhéid is gá, chun CTA a leathnú chuig muiriompar agus chun astaíochtaí neamh-$CO_2$ (meatán ($CH_4$) agus ocsaíd nítriúil ($N_2O$)) a áireamh sa chóras. Beidh feidhm ag na rialacha nua faireacháin agus tuairiscithe ón tréimhse thuairiscithe 2024 ar aghaidh.

Tá an Coimisiún tiomanta freisin do thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht dhomhanda chun dícharbónú na hearnála a spreagadh, go háirithe ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), áit ar thacaigh an tAontas le toradh an athbhreithnithe i mí Iúil 2023 ar straitéis tosaigh IMO maidir le gáis ceaptha teasa a laghdú, inar leagadh síos an sprioc maidir le hastaíochtaí glan-nialasacha ó longa faoi 2050, nó thart ar an mbliain sin nó gar dó, agus ba dhíol sásaimh don Aontas an toradh sin.

---

[5] Rialachán (AE) 2023/1804, IO L 234, 22.9.2023, lch. 1, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.L_.2023.234.01.0001.01.GLE&toc=OJ%3AL%3A2023%3A234%3ATOC.

[6] Treoir (AE) 2023/2413, IO L 2023/2413, 31.10.2023, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:L_202302413.

[7] Tráth a scríobhadh an tuarascáil seo, bhí an togra ón gCoimisiún chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le cánachas fuinnimh (Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003) fós á mheas ag na comhreachtóirí.

[8] Rialachán (AE) 2021/695, IO L 170, 12.5.2021, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.L_.2021.170.01.0001.01.GLE&toc=OJ%3AL%3A2021%3A170%3ATOC.

[9] Cinneadh C(2021) 4113 ón gCoimisiún an 14.6.2021 maidir le formheas agus síniú 11 Mheabhrán Tuisceana le haghaidh Comhpháirtíochtaí Eorpacha Comhchláraithe um Thaighde agus Nuálaíocht.

[10] Rialachán (AE) 2023/957, IO L 130, 16.5.2023, lch. 105, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.L_.2023.130.01.0105.01.GLE&toc=OJ%3AL%3A2023%3A130%3ATOC.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, chuaigh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, i gcomhpháirtíocht le 23 thír lasmuigh den Aontas sa tionscnamh Mission Innovation chun dlús a chur le nuálaíocht an fhuinnimh ghlain, lena n-áirítear misean na Loingseoireachta Astaíochtaí Nialasacha.

## 3. Astaíochtaí $CO_2$ in 2022 i gcomparáid le 2021: Ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin agus téarnamh eacnamaíoch i ndiaidh COVID-19

Maidir leis na muiraistir a ndearnadh faireachán orthu le haghaidh bhliain tuairiscithe 2022, astaíodh **135.5 milliún tona $CO_2$** isteach san atmaisféar mar thoradh orthu. Bhí na hastaíochtaí sin **7.1 % ní b'airde** ná na hastaíochtaí a tuairiscíodh in 2021 agus 7.9 % ní b'ísle ná na hastaíochtaí a tuairiscíodh roimh COVID-19 in 2019 (bhí astaíochtaí a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe san áireamh i bhfigiúr 2019, áfach[11]). Tháinig na hastaíochtaí a tuairiscíodh le haghaidh 2022 ó chabhlach de bheagnach 12 800 long, an líon ab airde a cláraíodh go dtí seo le haghaidh tréimhse tuairiscithe amháin (6.5 % ní b'airde ná mar a bhí in 2021).

Leis an méadú iomlán sin ar astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh na tréimhse 2021-2022, ceiltear éagothromaíochtaí suntasacha idir na cineálacha éagsúla long, lena léirítear na mórthreochtaí eacnamaíocha a rinne difear don bhliain 2022, agus go háirithe iarmhairtí ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin. In 2022, thuairiscigh 9 gcinn de na 15 chineál loinge go raibh na hastaíochtaí ní b'airde ná mar a bhí in 2021.

- De réir grúpa cineáil loinge, is le **longa paisinéirí** (+172 %), **iompróirí gáis nádúrtha leachtaithe (GNL)** (+59 %), agus **bulc-iompróirí** (+13 %) a bhain na méaduithe ab airde ar astaíochtaí i gcomparáid le 2021. Ba é an méadú ar an líon long tuairiscithe agus ar leibhéil ghníomhaíochta ní b'airde ba chúis leo sin.
- Leis an méadú ar astaíochtaí ó **longa paisinéirí**, léirítear téarnamh (iomlán nó páirteach) na hearnála tar éis bhlianta COVID-19. Leis an méadú ó iompróirí GNL, léirítear an méid ba mhó riamh de GNL a allmhairíodh isteach san Aontas in 2022.
- Rinneadh difear suntasach do ghníomhaíocht na **mbulc-iompróirí** mar gheall ar thionchar na smachtbhannaí agus na rioscaí geopholaitiúla, rud a rinne difear do threochtaí loingseoireachta domhanda agus a mhéadaigh na hachair a taistealaíodh i gcás go leor tráchtearraí, lena n-áirítear táirgí fuinnimh.
- Os a choinne sin, bhain an laghdú ba shuntasaí ar astaíochtaí $CO_2$ le **longa coimeádán**, a d'astaigh thart ar 2.9 milliún tona $CO_2$ ní ba lú in 2022 ná in 2021 (-7.6 %), tar éis laghdú ar ghníomhaíocht i gcalafoirt long coimeádán an Aontais, laghdú ar an meánfhad a seoladh (-3.9 %) agus laghdú ar mheánluas na long coimeádán gníomhach (-4.7 %).

[11] Níorbh fhéidir sonraí stairiúla roimh 2021 a athríomh chun na hastaíochtaí arna n-eascairt as cur i bhfeidhm Rialachán an Aontais maidir le MRV Muirí i dtaca leis an Ríocht Aontaithe a eisiamh. Is é is údar leis sin nach gcuireann an reachtaíocht ceangal ar chuideachtaí loingseoireachta astaíochtaí a thuairisciú ar leibhéal an mhuiraistir. Dá bhrí sin, sa tuarascáil seo, tá na figiúirí a chuirtear i láthair le haghaidh na mblianta tuairiscithe tar éis 2020 bunaithe ar na sonraí tuairiscithe, gan cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir leis an Ríocht Aontaithe san áireamh (ach maidir le tíortha LEE amháin, lena n-áirítear AE-27). Os a choinne sin, áirítear sna sonraí tuairiscithe le haghaidh na mblianta tuairiscithe 2018, 2019 agus 2020 cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir leis an Ríocht Aontaithe, a áirítear mar chuid de LEE (AE-28).

- Bhí astaíochtaí $CO_2$ ó **thancaeir ola** ar an leibhéal ab ísle in 2022 ó 2018 i leith, go príomha mar gheall ar thionchar na smachtbhannaí.

D'fhan rannchuidiú coibhneasta fhormhór na gcineálacha long leis na hastaíochtaí iomlána a tuairiscíodh cobhsaí ar an iomlán in 2018-2022, fiú sa chéad bhliain de COVID-19 (2020) agus sna blianta tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas (2021 agus 2022).

**Deimhníodh gurb iad longa coimeádán, tancaeir ola, agus bulc-iompróirí na hastaírí ab airde in 2022**. Ba iad ba chúis le thart ar 55 % d'iomlán na n-astaíochtaí a tuairiscíodh in 2022. Ba iad longa coimeádán amháin ba chúis le 28 % d'astaíochtaí iomlána $CO_2$. Seasann dhá chineál long amach (**longa paisinéirí agus iompróirí GNL**) toisc gur léirigh siad athruithe suntasacha bliantúla le linn na dtrí thréimhse tuairiscithe dheireanacha.

Bhí dáileadh astaíochtaí iomlána $CO_2$ an chabhlaigh idir na cineálacha éagsúla muiraistear agus i mbeart a taifeadadh in 2022 beagnach mar an gcéanna leis an dáileadh in 2021. Bhain formhór na n-astaíochtaí $CO_2$ (thart ar dhá thrian) le muiraistir a thosaigh nó a chríochnaigh lasmuigh de LEE. Le muiraistir idir dhá chalafort in LEE a bhain thart ar an gceathrú cuid d'astaíochtaí $CO_2$, i gcomhréir leis an sciar a tugadh faoi deara in 2021 tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas. Ba thart ar 6 % de na hastaíochtaí iomlána iad astaíochtaí $CO_2$ ó longa i mbeart i gcalafoirt LEE. Tá na sciartha sin i gcomhréir le méid na sreafaí isteach agus amach arna dtaifeadadh ag sonraí Eurostat.

Ó thaobh **ídiú breosla** de, d'ídigh na longa a ndearnadh faireachán orthu ní ba mhó ná 43 mhilliún tona breosla in 2022. Leis na sonraí maidir le hídiú breosla le haghaidh 2022, deimhníodh go raibh treochtaí cruthaithe ann i gcás 2018-2021— mar atá, an t-aistriú i dtreo ola bhreosla éadrom, GNL, agus ola dhíosail, a lean nuair a tugadh isteach teorainn IMO 2020 maidir leis an gcion sulfair in ola bhreosla is féidir a úsáid ar bord long. Léiríonn comhdhéanamh mheascán breosla 2022 i gcomparáid le 2021 laghdú (ó 26 % go 22 %) ar sciar na hola breosla éadroime agus méadú ar úsáid na hola breosla troime (ó 48 % go 50 %). Ba in 2022 a bhí an leibhéal ab airde GNL arna ídiú ag an gcabhlach (thart ar +32 % ní b'airde ná mar a bhí in 2021), mar gheall ar mhéadú ar ghníomhaíocht iompróirí GNL, mar aon leis an mborradh faoi úsáid GNL ag longa coimeádán. Bhí ídiú breoslaí umair neamhiontaise fós diomaibhseach, mar a tharla i ngach bliain roimhe sin.

## 4. An cabhlach a ndearnadh faireachán air: bealaí loingseoireachta, am luais agus am a chaitear ar muir

De réir sonraí Eurostat, tháinig méadú 2.5 % **ar mhéid iomlán na sreafaí trádála isteach** in 2022 agus bhí sé beagnach mar an gcéanna le 2019. I gcomparáid le 2021, tháinig méadú ar an insreabhadh ó na Stáit Aontaithe (an Cósta Thoir), ón Éigipt, ón Iorua, ón tSín, ón Ríocht Aontaithe, ón mBrasaíl, agus ó Cheanada (an Cósta Thoir) in 2022, agus tháinig laghdú ar an insreabhadh ón Rúis (an Mhuir Dhubh agus Muir Bhailt), ón Nigéir agus ón Tuirc. Tháinig laghdú 1.4 % ar mhéid iomlán na sreafaí amach in 2022 agus bhí sé beagnach mar an gcéanna le 2019. Ba iad na heis-sreafaí chuig an tSín agus chuig an Ríocht Aontaithe go príomha ar tháinig laghdú

orthu in 2022, ach tá forlámhas ag an sreabhadh amach chuig an Ríocht Aontaithe go fóill sna heis-sreafaí iomlána.

Léirítear le sonraí MRV le haghaidh 2018-2022 gur mionathrú a bhí i gceist le **hathrú luais** i gcás fhormhór na gcineálacha long. Mar sin féin, ní mór a thabhairt faoi deara, tar éis méadú ar an meánluas in 2020 agus 2021, gur bhain laghdú 4.7 % ar an meánluas i gcomparáid le 2021 le longa coimeádán in 2022. Ba mhór an chúis é sin leis an laghdú ar astaíochtaí iomlána le haghaidh an chineáil loinge sin in 2022 (-7.6 % ar 2021).

Idir 2021 agus 2022, tháinig laghdú ar an **meán-am a caitheadh ar muir** i gcás 6 cinn de na 15 chineál loinge ach tháinig méadú air i gcás 8 gcineál loinge. I measc na gcineálacha long a raibh meán-am ní b'fhaide ar muir acu in 2022, chaith longa paisinéirí, iompróirí GNL, agus bulc-iompróirí an t-am ab fhaide ar muir ó 2018 i leith. Léirítear leis sin go bhfuil téarnamh ann ó ghéarchéim COVID-19 agus gur éirigh go páirteach ar a laghad le hiarrachtaí an Aontais a allmhairí fuinnimh a éagsúlú.

## 5. Éifeachtúlacht theicniúil agus oibríochtúil an chabhlaigh ar a ndéantar faireachán

Léirítear san anailís ghrafach ar phríomhtháscairí éifeachtúlachta teicniúla agus oibríochtúla nár tharla aon athrú suntasach in 2018-2022. Ina theannta sin, deimhnítear iomláine agus cruinneas na sonraí tuairiscithe, ar tháinig feabhas orthu le linn na tréimhse, le méadú ar luachanna comhghaoil sonraí idir príomhtháscairí éifeachtúlachta teicniúla agus oibríochtúla [12] agus méid na long a thuairiscíonn faoi Rialachán an Aontais maidir le MRV Muirí.

Tuairiscíodh **innéacs éifeachtúlachta fuinnimh dearaidh ní b'fhearr** maidir le longa in 2022 nuair a carnadh é ar leibhéal cabhlaigh (feabhas 5.6 % ar 2021) agus tháinig méadú 5.7 % ar a meánmhéid i gcomparáid le 2018-2021.

## 6. Cur chun feidhme Rialachán an Aontais maidir le MRV Muirí in 2022

Maidir le cur chun feidhme Rialachán an Aontais maidir le MRV Muirí, deimhnítear le torthaí 2022 go bhfuil feabhas leanúnach ar cháilíocht na sonraí. Mar sin féin, tháinig laghdú ar phoncúlacht maidir le sonraí a chur isteach tar éis feabhsuithe suntasacha sna chéad 4 bliana tuairiscithe.

[12] Déantar an tInnéacs Éifeachtúlachta Fuinnimh Dearaidh (EEDI) agus an Treoirluach Measta (EIV) a mheasúnú le haghaidh éifeachtúlacht theicniúil na long. Déantar an Táscaire Oibriúcháin ar Éifeachtúlacht Fuinnimh (EEOI) agus an Cóimheas Bliantúil Éifeachtúlachta (AER) a mheasúnú le haghaidh a n-éifeachtúlachta oibríochtúla.